Ollscoil na Gaillimhe
University of Galway
Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge

# Dioplóma sa Phleanáil agus Buanú Teanga



**Is é aidhm an chúrsa deis a thabhairt do rannpháirtithe eolas agus oiliúint fheidhmeach a fháil ar straitéisí buanaithe teanga agus ar chleachtais na pleanála teanga. Cuirfidh siad eolas ar ghnéithe den fhorbairt pobail atá riachtanach do phobal na Gaeilge san am atá romhainn. Tá an cúrsa seo á chur ar fáil i gcomhar le hÚdarás na Gaeltachta chun tacú le forbairt na pleanála teanga sa Ghaeltacht. Beidh sé feiliúnach d'oibrithe pobail agus teanga sna limistéir pleanála teanga a luaitear in Acht na Gaeltachta. Bainfidh daoine atá ag obair cheana féin in earnáil na Gaeilge go náisiúnta an-leas as an gcúrsa seo.**

## Tréimhse an chúrsa

Déanfar an clár seo a theagasc trí fhoghlaim chumaisc ar bhonn modúlach in imeacht dhá bhliain acadúla. De bharr scaipeadh measta na rannpháirtithe, bainfear úsáid as an gcianfhoghlaim, as Ionaid Ghaeltachta na hOllscoile agus as tréimhsí blocfhoghlama chun deis a thabhairt do rannpháirtithe an tairbhe is fearr a bhaint as an gcúrsa seo. Beidh seisiún ionduchtaithe do mhic léinn an chúrsa á reáchtáil ar champas na hOllscoile i nGaillimh i lár mhí Mheán Fómhair. Scaipfear sceideal agus ionaid na léachtaí agus na gceardlann ag tús an chúrsa.

## Ábhar an chúrsa

Beidh tuiscint ag rannpháirtithe ar na cleachtais bhunaidh a bhaineann leis an bpleanáil teanga agus gheobhaidh siad oiliúint sna bealaí is éifeachtaí le tabhairt faoi phlean teanga a leagan amach agus a chur i bhfeidhm ina bpobal nó ina n-eagras féin. Beidh cás-staidéir le réiteach mar chuid den chúrsa. Déanfar na modúil seo a theagasc in imeacht dhá bhliain an chúrsa:

- Bunús na sochtheangeolaíochta
- Bunús na pleanála teanga
- Cúlra agus comhthéacs na Gaeltachta
- Cleachtais chumarsáide agus áisitheoireachta
- Próiseas na pleanála teanga
- Cás-Staidéir

Ollscoil na Gaillimhe – University of Galway | Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge



## Riachtanais iontrála

Fáilteofar roimh iarratais ó dhaoine atá ag obair in earnáil na forbartha teanga nó pobail sa Ghaeltacht nó in earnáil na Gaeilge go náisiúnta chomh maith le daoine eile a bhfuil spéis acu san ábhar seo. De bharr go mbeidh gnéithe den chúrsa á seachadadh ar bhonn cianfhoghlama ní foláir go mbeidh teacht ag rannpháirtithe ar ríomhaire agus ar cheangal leathanbhanda. Is gá caighdeán sásúil i labhairt agus i scríobh na Gaeilge a bheith ag rannpháirtithe an chúrsa.

## Táille agus iarratais

Gearrfar táille €990 in aghaidh na bliana ar mhic léinn an Dioplóma. Tá táille laghdaithe ar fáil do alumni Ollscoil na Gaillimhe. Beidh gach eolas ar fáil ar líne ag www.ollscoilnagaillimhe.ie/acadamh

## Cáilíocht

Dioplóma de chuid Ollscoil na Gaillimhe atá ag teacht le cáilíocht ag Leibhéal 7 den Chreatlach Náisiúnta Cáilíochtaí é seo. Sa chás nach gcríochnaíonn an rannpháirtí ach an chéad bhliain, is féidir Teastas sa Phleanáil Teanga a bhronnadh air/uirthi ach an caighdeán cuí a bhaint amach i measúnuithe mhodúil na chéad bhliana.

Eolas faoi chúrsaí ag
**www.ollscoilnagaillimhe.ie/acadamh**

> *I gcomhar le páirtithe leasmhara san earnáil oideachais agus oiliúna ach go háirithe, tacófar tuilleadh le hoiliúint agus forbairt ghairmiúil/cumais sa réimse pleanála teanga a sholáthar tuilleadh.*
>
> **(an Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta, 2019: 72).**



## Tuilleadh eolais:

An Dr Hugh Rowland
Acadamh an hOllscolaíochta Gaeilge
Ollscoil na Gaillimhe
t: +353 91 493369
r: hugh.rowland@ollscoilnagaillmhe.ie